

# Plean Gnó

## 2012-2013


Department of
Agriculture and
Rural Development
www.dardni.gov.uk

AN ROINN
Talmhaíochta agus
Forbartha Tuaithe

MÄNNYSTRIE O
Fairms an
Kintra Fordèrin


INVESTORS IN PEOPLE

ISBN 978 18480 73067

# Formáideanna Malartacha

Is féidir an doiciméad seo a chur ar fáil i bhformáideanna malartacha ar a n-áirítear:-

- Cló Mór
- Soléite
- CD Fuaime
- Braille
- Diosca Ríomhaire
- Teangacha eile

Thig leat é a íoslódáil ónár suíomh idirlín chomh maith. Le formáid mhalartach nó cóipeanna crua breise a iarraidh, déan teagmháil, le do thoil, le:

Tom Rodgers
Roinn Talmhaíochta
agus Forbartha Tuaithe (RTFT)
Seomra 111B
Teach Dhún Dónaill
Bóthar Bhaile Nua na hArda Uachtarach
Baile Lios na Scáth
Béal BT4 3SB

**Guthán:** 028 9052 4212
**Téacsfón:** 028 9052 4420
**Ríomhphost:** Tom.Rodgers@dardni.gov.uk
**An Gréasán:** www.dardni.gov.uk/index/publications.htm

DMS 12.13.018

# Réamhrá an Aire



Tá lúchair orm Plean Gnó mo Roinne faoi choinne na bliana seo ag teacht a chur i láthair. Tá bliain ghnóthach eile romhainn, agus is dócha gurb é is mó a bheas ar ár n-iúl lena linn ná caibidlí faoi dtaobh d'athbhreithniú an Chomhbheartais Talmhaíochta agus an Chomhbheartais Iascaireachta. Cuirfidh na hathbhreithnithe seo creat polasaí ar fáil dár bpáirtithe leasmhara go cionn roinnt blianta, chomh maith le socruithe nua fóirdheontais agus deontais a bheas ríthábhachtach do gheilleagar na tuaithe.

Inár sainchúram féin, déanfaidh mé ríthosaíocht d'fhorbairt straitéise ar agraibhia, le cláir ama, gníomhaíochtaí agus spriocanna gaolmhara. Faoin am seo an bhliain seo chugainn bheinn ag súil leis go mbeimid go léir ag obair i dtreo plean gníomhaíochta arna chomhaontú trí chomhdhearcadh le hearnáil an agraibhia a fhorbairt, agus le cur le fás eacnamaíoch, ag tabhairt níos mó post agus rathnúnais chuig ceantair thuaithe.

Tá mé tiomanta dá chinntiú go bhfuil an comhionannas ina bhonn agus ina thaca ag ár gcláir oibre agus ár gceapadh polasaithe go léir. Tá mé ag iarraidh torthaí intomhaiste a fheiceáil don mhuintir is mó míbhuntáiste, go háirithe agus sinn i ndiaidh an chéad bhliain de mo chlár nua le dul i ngleic leis an bhochtaineacht faoin tuath agus aonrú sóisialta a chur dínn, agus beidh obair na ranna go léir foilsithe againn, agus an obair sin á monatóiriú againn, i dtaca le Plean Gníomhaíochta an Pháipéir Bháin Tuaithe. Bheinn ag dúil leis chomh maith go mbeidh cinneadh déanta againn ar shuíomh i gceantar tuaithe do cheanncheathrú nua an RTFT.


Tá dul chun cinn mór déanta againn ag dul i ngleic le brúsallóis, agus is rún dom go mbeimid anonn an bealach i dtreo stádas gan bhrúsallóis a bhaint amach. Tá mé ag iarraidh, chomh maith, iarracht chomhbheartaithe a fheiceáil le dul i ngleic le hEitinn Bhólachta, ar a n-áirítear clár taighde a aontú, ionas go bhfaighimid

laghdú i gcaiteachas maoinithe ag an cháiníocóir. Ach, rud atá tábhachtach, beimid ag iarraidh tacaíocht a thabhairt chomh maith do thionscnamh faoi cheannas earnáil na tionsclaíochta le déileáil le galair tháirgeachta. Agus beimid ag tosú amach ar ár gcóras inrianaitheachta ainmhithe a atairiscint, arb ionann é sna blianta seo romhainn agus infheistíocht £60m ag an cháiníocóir le tacaíocht a thabhairt d'earnáil na mairteola agus na déiríochta.

I dtaca leis an chomhshaol de, tá mé ag dréim le mo thiomantas 1,300 iarratasóir breise a thabhairt isteach sa Scéim Bainistíochta Tuaithe a chur i gcrích, rud a ligfidh dúinn leibhéal ard talamh feirmeoireachta a choinneáil faoi chomhaontuithe comhshaoil. Beimid ag ardú phróifíl an athraithe aeráide, agus ag lorg gnímh ó earnáil na feirmeoireachta. Coinneoimid orainn ag cur i bhfeidhm na Treorach Tuilte, lenár socruithe a fheabhsú leis an riosca ó thuilte a bhainistiú.

Tá sé tábhachtach an Roinn a bheith éifeachtúil agus éifeachtach. Beimid ag iarraidh coinneáil orainn ag feabhsú na mapála atá mar bhonn agus taca ag na hÍocaíochtaí Feirme Aonair, agus ag spreagadh níos mó dár gcustaiméiriú le gnó a dhéanamh linn go leictreonach, le costais agus an riosca earráid a dhéanamh a laghdú dúinn araon.

Agus na tosaíochtaí a ndéantar breac-chuntas orthu sa Phlean seo á dtabhairt chun cinn againn, athdhearbhaímid ár dtiomantais do dhualgais reachtúla chomhionannais Alt 75 agus do chur i gcrích na dtiomantas atá leagtha amach inár Scéim Comhionannais nua agus inár nIniúchadh Neamhionannas. Creidim go bhfuil na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gnó seo cuimsitheach agus go bhfuil na gnímh a bhaineann leo corraitheach agus dearfach. Guím orthu siúd go léir atá i gceist sa Phlean Gnó, agus ar an tionscadal trí chéile, dea-ghuí, rath agus bláth in 2012.



**Michelle O'Neill MLA**
Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe



# Innéacs


| Rannán | | Leathanach |
|---|---|---|
| Ár bhfís, ár nAidhm agus ár Spriocanna Straitéiseacha | | 4 |
| Príomh-shaincheisteanna Polasaí faoi choinne 2012/13 | | 5 |
| Spriocanna 2012/2013 de réir sprice: | Cuidiú leis an tionscadal agraibhia ullmhú faoi choinne an mhargaidh amach anseo deiseanna agus dúshláin eacnamaíocha | 6 |
| | Saol cónaitheoirí tuaithe a fheabhsú | 7 |
| | Sláinte Ainmhithe, Iasc agus Plandaí agus Leas Ainmhithe a fheabhsú | 8 |
| | Cuidiú le torthaí comhshaoil inbhuanaithe feabhsaithe a sheachadadh | 9 |
| | Ár ngnó a bhainistiú agus ár seirbhísí a sheachadadh dár gcuistaiméirí ar bhealach éifeachtach ó thaobh costais de. | 10 |
| Cairt Eagraíochta | | 11 |
| Ráitis Mhisin na Rannán | | 12 |
| Acmhainní 2012/13 | | 18 |

# Ár bhfís, ár nAidhm agus ár Spriocanna Straitéiseacha

## Fís

Pobal tuaithe agus comhshaol faoi bhláth agus inbhuanaithe.

## Aidhm

Bheith inár Roinn a oibríonn le páirtithe leasmhara, a thógann páirtíochtaí, agus a chuireann luach ar a foireann; a dhréimeann le bheith ag obair go héifeachtúil agus a thugann freagairt go gasta ar athrú agus a dhíríonn ar thorthaí inbhuanaithe a bhaint amach.

## Spriocanna Straitéiseacha

Faoi choinne bhliain ghnó 2012/13 is iad ár Spriocanna:

### 1. Cuidiú leis an tionscadal agraibhia a ullmhú faoi choinne deiseanna margaidh amach anseo

Déanfaimid seo go príomha trí chuidiú leis an tionscadal leas a bhaint as na buntáistí agus na deiseanna a eascraíonn ón Chomhbheartas Talmhaíocht (CBT) agus ón Chomhbheartas Iascaireachta (CBI); agus trí thacaíocht a thabhairt do réimse deiseanna oideachais agus forbartha daoine le cuidiú leo siúd sa tionscadal agraibhia éirí níos cumasaí. Tabharfaimid tacaíocht fosta do thaighde agus malartú eolais le cuidiú leis an tionscadal bheith níos nuálaí agus níos iomaíche, le fócas margaidh níos mó.

### 2. Saol cónaitheoirí tuaithe a fheabhsú

Cuirfimid chun cinn comhionannas deiseanna do chónaitheoirí tuaithe. Cuideoimid le dul i ngleic le bochtaineacht na tuaithe agus aonrú sóisialta trí bheith ag obair leis an Fheidhmeannas, le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile agus páirtithe leasmhara faoi tuath.

### 3. Sláinte Ainmhithe, Iasc agus Plandaí agus Leas Ainmhithe a fheabhsú

Déanfaimid seo go príomha trí pholasaí a fhorbairt agus reachtaíocht a chur i bhfeidhm le galar a chosc, a rialú agus a dhíothú, inrianaitheacht shlán éifeachtach a chinntiú agus leas a chur chun cinn; agus trí dul i gcomhairle le tionscadal agus le páirtithe leasmhara eile, trí cur chuige páiríochta a fhorbairt a thuilleadh i dtaca le sláinte ainmhithe, plandaí agus leas ainmhithe a chur chun cinn.

### 4. Cuidiú le torthaí comhshaoil inbhuanaithe feabhsaithe a sheachadadh.

Déanfaimid seo trí oideachas agus spreagadh a thabhairt d'fheirmeoirí agus d'úinéirí talaimh agus a ngníomhaíochtaí a rialú, i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil.

### 5. Ár ngnó a bhainistiú agus ár seirbhísí a sheachadadh dár gcuistaiméirí ar bhealach éifeachtach ó thaobh costais de

Déanfaimid seo trínar seirbhísí reachtúla agus tábhachtacha ó thaobh straitéise de a sheachadadh go héifeachtúil agus go héifeachtach. Cuirfear seo i gcrích go príomha trí phróisis ghnó níos fearr a chur i bhfeidhm, níos mó úsáide a bhaint as an teicneolaíocht, lena n-áirítear bealaí cumarsáide leictreonaí, agus bainistíocht eastáit feabhsaithe.

# Príomh-shaincheisteanna Polasaí faoi choinne 2012/13

Déanfaidh an Roinn ionadaíocht láidir, i bpróiseas Leasaithe an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT), ar ár bpríomhspriocanna polasaí, arb iad creat CBT dea-mhaoinithe, solúbtha agus simplithe inar féidir cinntí feidhmithe áitiúla a ghlacadh, ag obair taobh lenár bpáirtithe leasmhara le díriú ar riachtanais agus tosaíochtaí áitiúla.

Déanfaimid ionadaíocht láidir chomh maith, i bpróiseas Leasaithe an Chomhbheartais Iascaireachta (CBI), ar ár bpríomhsheasaimh pholasaí ar dhílárú, lámhaltais iascaireachta inaistrithe agus deireadh céimnitheach le díobhaigh.

Tacóimid lenár seasamh le dlí AE ar Shláinte Ainmhithe a bhaint amach a d'fhéadfadh cuidiú leis na cuspóirí a bheartaítear sa Straitéis Uile-Oileáin maidir le Sláinte agus Leas Ainmhithe a chur i gcrích le sláinte agus leas ainmhithe a chumhdach chun sochair dár dtionscadal agraibhia.

Breathnóidh an Roinn go grinn leis an Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Infheistíochta (RFTI) agus Invest NI le plean straitéiseach a fhorbairt don earnáil agraibhia. Ag obair i gcomhpháirt leis an tionscadal, forbrófar an cháipéis reatha Focus on Food mar fhís don téarma níos faide don earnáil a fhad le 2020 a chuideoidh linn fás féideartha na hearnála a réalú.

Cé go bhfuil freagracht polasaí ar RFTI as rolladh amach leathanbhanda, spreagfaidh RTFT glacadh leathanbhanda faoin tuath agus úsáid TF trí ghrúpa téamach "TF agus Cumarsáid" a chur ar bun faoi Líonra Tuaithe TÉ agus cuirfidh sé leis trí chuidiú le níos mó caibinéad a mhaoiniú agus le deontas a thabhairt faoi choinne costas suiteála, le héifeacht ó 2013.

De bhreis ar na saincheisteanna polasaí seo, tá cuid spriocanna sainiúla feidhmíochta a bhaineann le polasaí curtha san áireamh sa Phlean seo.

# Spriocanna 2012/13

Is iad seo a leanas na spriocanna gnó a thacaíonn le gach ceann dár gcúig Sprioc Straitéiseacha:

## 1. Cuidiú leis an tionscadal agraibhia ullmhú faoi choinne Deiseanna Margaidh agus Dúshlán Eacnamaíoch amach anseo

- I gcomhar le RFTI/Invest NI, Bord Straitéis Agraibhia a chur ar bun agus fís straitéiseach faoi choinne an téarma níos faide a fhorbairt don earnáil, le plean gníomhaíochta gaolmhar, faoi Mhárta 2013. *(Nascann seo le Tiomantas sa Chlár Rialtais (CR) "Plean Straitéiseach a fhorbairt don Earnáil Agraibhia" agus cuireann sé le Spriocanna eile).*

- Faoi Chláir Thacaíochta Tuaithe agus Iascach Eorpach an AE, tacaíocht, trí phleanáil caiteachas **£80m** a thabhú (seachas costais riaracháin), tionscadail a fheabhsaíonn an t-iomaíochas, a spreagann éagsúlú gheilleagar na tuaithe, a fheabhsaíonn cáilíocht na beatha i gceantair thuaithe agus a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn an comhshaol. *(Cuireann sé le Spriocanna eile chomh maith).*

- Faoi Ghné na hOiliúna Scileanna de Chlár Forbartha Tuaithe TÉ (CFTTÉ) 2007-13, iomaíochas gnólachtaí feirmeoireachta agus gortóireachta a fheabhsú trí réimse gníomhaíochtaí oiliúna atá nuálach agus fócasaithe agus gníomhaíochtaí eolais a sholáthar do **3,120** duine faoi Mhárta 2013.

- Tríd an Choláiste Talmhaíochta, Bia & Fiontraíocht Tuaithe, **1,600** duine ar a laghad dheimhniú ag dul isteach ar fhostaíocht nó ag obair san earnáil agraibhia ag baint amach cáilíocht nua ag NVQ Leibhéal 2 nó os a chionn.

- Iomaíochas an tionscail a fheabhsú agus tacaíocht a thabhairt don nuálaíocht trí chlár taighde agus forbartha (T&F) a mhaoiniú ag an Institiúid Agraibhia agus Bitheolaíochtaí, ag soláthar maoiniú do mhic léinn iarchéime agus ag spreagadh lucht tionscail a n-infheistíocht a mhéadú in T&F trí Chiste Dúshlán Taighde a chómhaoiniú.

- Clár Eolais agus Aistriú Teicneolaíochta a sheachadadh, ar a mbeidh de thoradh gnólachtaí **1,500** teicneolaíocht nua a ghlacadh ag gnólachtaí agraibhia.

- An tríú bliain den Phlean Gníomhaíochta ar son Rialú Feabhsaithe (atá dírithe ar chuidiú leis an ualach riaracháin ar an earnáil agraibhia de 25% faoi 31 Márta 2013) a chur i bhfeidhm.

# 2. Saol Cónaitheoirí Tuaithe a fheabhsú

- Dul i ngleic le bochtaineacht tuaithe agus aonrú eacnamaíoch trí chláir a chur i bhfeidhm ó thús deireadh 2012 agus 2013, ag súil le caiteachas **£4m** a thabhú faoi Mhárta 2013. *(Nascann seo le Tiomantas CR le "pacáiste £13 milliún a thabhairt chun tosaigh le dul i ngleic le bochtaineacht tuaithe agus aonrú sóisialta agus eacnamaíoch sna trí bliana seo romhainn").*

- Comhaontú an Fheidhmeannais a chinntiú le Plean Gníomhaíochta bunaithe ar Pháipéar Bán Tuaithe a fhoilsiú faoi 30 Meitheamh 2012 agus struchtúir tras-Ranna a chur ar bun leis an chur i bhfeidhm a mhaoirsiú.

- Na próisis riachtanacha breithmheasa a chur i gcrích le socrú a dhéanamh maidir leis an chóiríocht is fóirsteanaí amach anseo do Cheanncheathrú RTFT faoi 31 Márta 2013. *(Nascann seo le Tiomantas CR "athlonnú Cheanncheathrú na Roinne Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe go ceantar tuaithe a thabhairt chun cinn faoi 2015").*



# 3. Sláinte Ainmhithe, Iasc agus Plandaí agus Leas Ainmhithe a fheabhsú

- Minicíocht dheimhnithe bhliantúil Bhrúsallóise i dtréada a laghdú go **0.03%** faoi Mhárta 2013. *(Nascann seo le Tiomantas CR "an brúsallóis in eallach a dhíothú faoi Mhárta 2014").*

- Faomhadh AE a chinntiú faoi choinne chuid TÉ den chéad Phlean bliantúil eile Díothaithe Eitinn Bhólachta don RA (2013); agus cómhaoiniú i mbliana a chinntiú ó Chiste Tréidliachta an AE (faoi choinne Chlár 2011).

- Straitéisí Díothaithe Eitinne agus Brúsallóise a neartú tríd an athbhreithniú ar shocruithe cúitimh Eitinne agus Brúsallóise a chríochnú agus gach athrú aontaithe a chur i bhfeidhm; agus clár taighde ar Eitinn agus an dúlra agus staidéir le heolas a thabhairt faoi choinne polasaí a choimisiúnú.

- Stádas saor ó Ghalar Aujeszky a bhaint amach.

- I gcomhar le páirtithe leasmhara, comhpháirtíocht straitéiseach a fhorbairt le tacaíocht a thabhairt don tionsclaíocht agus iad ag dul i ngleic le galair tháirgeachta, lena n-áirítear Buinneach Víreasa Bhólachta (BVB).

- Faoi Mhárta 2013, céim dheiridh chomhphlé de phróiseas na Comhphlé Iomaíche a bhaint amach i soláthar Sheirbhísí agus Córas Faisnéis Bia Ainmhí Thuaisceart Éireann (SCFBATÉ).

- I gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM), an clár Uile-Oileáin maidir le hobair straitéiseach ar Shláinte Plandaí agus Lotnaidicídí, lena n-áirítear stádas Crios faoi Chosaint d'orgánaigh dhíobhálacha, pleananna teagmhais a fhorbairt ar lotnaidí agus ar ghalair agus comhoibriú ar Anailís Riosca Lotnaidí (ARL).

- Tuilleadh forbartha ar ár gcumas galar Eipeasótach a bhainistiú trí **5** chleachtadh oiliúna pleananna teagmhais a chríochnú le béim ar ghalair éanlaithe.

- I gcomhar le RTBM, an Plean Gníomhaíochta Uile-Oileáin maidir le Straitéis Sláinte & Leas Ainmhithe.

- Comhairle agus treoir a thabhairt le tacaíocht a thabhairt do Chomhairle le linn an chéad bhliain dá ról forfheidhmithe maidir le hainmhithe (nach ainmithe feirme iad) eile faoi Welfare of Animals Act agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm.





# 4. Cuidiú le Torthaí Comhshaoil Inbhuanaithe Feabhsaithe a Sheachadadh

- Cruthú ar a laghad **250** heicteár coillearnaí nua a bhaint amach agus ioncam £7milliún ar a laghad a fháil ó acmhainní foraoise.

- **60%** ar a laghad de na léarscáileanna a chríochnú agus tosú ar **3** Phlean Bainistithe Riosca Tuillte (PBRT) mar ghníomhaíochtaí bhliain 4 i bplean 6 bliana le Treoir Tuilte an AE a chur i bhfeidhm faoi 2015.

- Infreastruchtúr a chothabháil le cosaint fheabhsaithe a chur ar fáil do **15,500** áitreabh:

  - **88%** de Lintéir i "riocht measartha maith" nó níos fearr (ciallaíonn "riocht measartha maith" nach bhfuil ach mionlochtanna ann);

  - **95%** de Chosaintí Farraige i "riocht measartha maith" nó níos fearr;

  - **70%** de Chosaintí abhann i "riocht measartha maith" nó níos fearr.

- Comhpháirtíocht Feidhmithe a chur ar bun faoi 1 Meitheamh 2012 agus cuidiú le seachadadh Chéim 1 den Phlean Gníomhaíochta maidir le Gás Ceaptha Teasa faoi 31 Márta 2013 le feasacht a thógáil in earnáil na tionsclaíochta.









# 5. Ár ngnó a bhainistiú agus ár Seirbhísí a Sheachadadh dár gCuistaiméirí ar Bhealach Éifeachtach ó thaobh Costais de

- Íocaíocht Íocaíocht Feirme Aonair (IFA) trí ar a laghad **95.24%** den leithdháileadh bhliantúil buiséid faoi 30 Meitheamh.

- An riosca le ceartú airgeadais amach anseo ag éirí as bunrialuithe na hÍocaíochta Feirme Aonair, trína chinntiú go bhfuil rochtain ag gnólachtaí feirme ar léirscáileanna nuashonraithe le heolas a chur ar fáil faoi choinne éileamh in 2013 agus trína chinntiú go bhfuil athraitheas de níos lú ná **2%** ann i gcruinneas iomlán cigireachtaí allamuigh in 2012.

- Toradh Sealadach Caipitil le bheith idir **98%** agus **100%** den Bhuiséad Dheiridh.

- Toradh Sealadach Acmhainní le bheith idir **98%** agus **100%** den Bhuiséad Dheiridh.

- Pleananna Seachadta Coigilteas Bhliain 2 de **£7.9m** a sheachadadh.

- A chinntiú go gcloíonn an Roinn lena hoibligeáidí reachtúla comhionannais; go gcomhlíonann sí a tiomantais faoin Scéim Comhionannais agus na spriocanna ina hIniúchadh Neamhionannas.

- An chomhsprioc Roinne maidir le neamhláithreacht thionsclaíoch agus neamhthionsclaíoch, **8.2** lá oibre caillte de réir Cóbhéise Am Iomlán (CAI).

- Leagan deireanach de Phlean Bainistíochta Sócmhainní a chomhaontú leis an Bhord Infheistíochta Straitéisí (BIS) faoi Mheitheamh 2012 agus spriocanna maidir le fáltais chaipitil ó dhiúscairt barrachas sócmhainní a bhaint amach, mar a aontaíodh leis an Aonad Bainistíochta Sócmhainní, faoi 31 Márta 2013.





# Cairt Eagraíochta



An tAire
**Michelle O'Neill BTR**



Rúnaí Buan
**Gerry Lavery**



Stiúrthóir Sinsearach Airgeadais
**Wendy Johnston (Gníomhach)**

### Lár-Ghrúpa Seirbhísí

- **David Trelford**
  Stiúrthóir Rannáin Acmhainní Daonna
- **Graeme Wilkinson**
  Stiúrthóir Rannáin Airgeadais
- **Wendy Johnston**
  Stiúrthóir an Rannáin um Sheirbhísí Corparáideacha agus Eorpacha
- **Paul McGurnaghan**
  Ceann na Bainistíochta agus na gCóras Faisnéise

### Gníomhaireachtaí

- **Malcolm Beatty**
  Príomhfheidhmeannach, An tSeirbhís Foraoiseachta
- **Folúntas**
  Príomhfheidhmeannach, Gníomhaireacht na nAibhneacha



Leas-Rúnaí (Polasaí)
**An Dr Mark Browne**

### Lár-Ghrúpa Polasaí

- **Norman Fulton**
  Stiúrthóir an Rannáin Pholasaí agus Eacnamaíochta
- **Colette McMaster**
  Stiúrthóir An Rannáin Pholasaí maidir le Sláinte agus Leas Ainmhithe
- **Dr John Speers**
  Stiúrthóir an Rannáin Iascaigh agus Chomhshaoil
- **Keith Morrision**
  Stiúrthóir an Rannáin Bhia, Feirme agus Pholasaí Tuaithe
- **Dr Sinclair Mayne**
  Stiúrthóir an Rannáin Eolaíochta, Fianaise agus Nuálaíochta



Leas-Rúnaí (Seachadadh)
**David Small**

### Grúpa Seachtadta Seirbhísí

- **John Fay**
  Stiúrthóir an Choláiste Talmhaíochta, Bia agus Fiontraíochta Tuaithe
- **Pauline Keegan**
  Stiúrthóir an Rannáin Forbartha Tuaithe
- **Steven Millar (Acting)**
  Ceann an Aonaid Seachadta agus Seirbhísí Custaiméara
- **Andrew Elliott**
  Stiúrthóir an Rannáin um Scéimeanna Ceantarbhunaithe an AE
- **Pauline Rooney**
  Ceann an Aonaid Forbartha um Scéimeanna Ceantarbhunaithe
- **Dr Sam Kennedy**
  Ceann an Aonaid Bhainistíochta Tuaithe



Príomhoifigeach Tréidliachta
**Bert Houston**

### An tSeirbhís Tréidliachta

- **Colin Hart**
  Stiúrthóir Galar Eansótach agus Leasa Ainmhithe
- **Robert Huey**
  Stiúrthóir Galar Eipeasótach agus Sláinte Poiblí Tréidliachta

# Ráitis Mhisin na Rannán



## Malcolm Beatty
## Príomhfheidhmeannach, An tSeirbhís Foraoiseachta

Tá an tSeirbhís Foraoiseachta ann le riar ar riachtanais na glúine reatha agus na nglún amach anseo, trí choillearenach a chruthú agus trí bhainistíocht inbhuanaithe foraoisí'.

## Folúntas
## Príomhfheidhmeannach, Gníomhaireacht na nAibhneacha

'Tá Ghníomhaireacht na nAibhneacha ann le riosca don bheatha agus damáiste don mhaoin ó thuilte ó aibhneacha agus ón fharraige a mhaolú agus le tabhairt faoi bhainistíocht sruthchúrsa agus tuile cósta ar bhealach inbhuanaithe.'

## **Lár-Ghrúpa Seirbhísí:**



## David Trelford
## Stiúrthóir Rannáin Acmhainní Daonna

'Tá an Rannán Acmhainní Daonna ann le tacú le réimsí gno na Roinne trí sheirbhísí tacaíochta sofhreagracha AD a sholáthar. Áireoidh sé sin idirchaidreamh leanúnach leis an Roinn ina hiomláine trí shocruithe láidre comhpháirtíochta gnó le straitéisí agus pleananna daoine a fhorbairt le freastal ar riachtanais áirithe ghnó.'



## Graeme Wilkinson
## Stiúrthóir Rannáin Airgeadais

'Tá an Rannán Airgeadais ann le tacaíocht a thabhairt don Aire, do Bhord na Roinne agus don Roinn ina hiomláine i dtaca le bainistíocht airgeadais, saincheisteanna rialachais agus smachta. Áireoidh sé sin pleanáil airgeadais; buiséadú agus cuntasaíocht; pleanáil straitéiseach agus ghnó; polasaí airgeadais; iniúchadh inmheánach; córais airgeadais; agus saincheisteanna straitéise eastáit'.



### Wendy Johnston
### Stiúrthóir an Rannáin um Sheirbhísí Corparáideacha agus Eorpacha

'Tá an Rannán ann le tacú leis an Aire, le Bord na Roinne agus leis an Roinn ina hiomláine i dtéarmaí an Fheidhmeannais agus meicníocht eile a bhaineann le saincheisteanna rialtais, lena n-áirítear bainistíocht an Aonaid Thuaidh/Theas. Cuirimid seirbhísí comhordaithe ar fáil fosta (lena n-áirítear ábhair an AE), seirbhísí meán agus cinntímid go dtuigeann réimsí gnó an RTFT oibleagáidí reachtúla comhionannais agus riachtanais Rialú Níos Fearr go huile is go hiomlán agus go gcloíonn siad leo.'



### Paul McGurnaghan
### Ceann na Bainistíochta agus na gCóras Faisnéise

'Tá an tAonad Bainistíochta Faisnéise agus Córas ann le Seirbhísí Faisnéise agus TF a fhorbairt agus a sheachadadh a thacóidh le réimsí gnó na Roinne a gcuid spriocanna a bhaint amach go héifeachtach. Lena chois sin tacaíonn sé le réimsí gnó ó thaobh oibleagáidí reactacha Rochtana Faisnéise a sheachadadh, rud a chinntíonn go bhfuil rochtain ag an phobal ar fhaisnéis atá siad i dteideal a fháil.

## Lár-Ghrúpa Polasaí DARD:



### Norman Fulton
### Stiúrthóir an Rannáin Pholasaí agus Eacnamaíochta

'Tá an Rannán ann le seirbhísí eacnamaíochta agus staitisticí a chur ar fáil, le clár rollach athbhreithnithe polasaí agus forbartha a chur i gcrích, le ceannaireacht pholasaí a thabhairt ar shaincheisteanna a bhainean leis an CBT agus le cúrsaí oideachais agus le feidhmiú mar urraitheoir AFBI agus le feidhm comhordaithe a chur ar fáil sa Lár-Ghrúpa Polasaí.'



### Colette McMaster
### Stiúrthóir An Rannáin Pholasaí maidir le Sláinte agus Leas Ainmhithe

'Tá an Rannán ann le polasaithe a fhorbairt a chuireann leas na n-ainmhithe chun cinn, a éascaíonn díothú nó laghdú cuimsitheach i líon na ngalar a bhíonn ar ainmnithe, galair a bhfuil iarmhairtí suntasacha eacnamaíochta nó sláinte poiblí ag baint leo. Chomh maith leis sin, cinntíonn sé inrianaitheacht éifeachtach ainmhithe bia trí shainaithint, trí chlárú agus trí shrianta gluaiseachta'

# Ráitis Mhisin na Rannán



## Dr John Speers
## Stiúrthóir an Rannáin Iascaigh agus Chomhshaoil

‘Tá an Rannán ann le polasaithe a fhorbairt maidir le hiascaigh mhara, dobharshaothrú agus sláinte iasc, polasaithe a thacóidh le hearnáil iascaireachta inbhuanaithe agus brabúsaí, agus le pobail áitiúla. Lena chois sin, tá an Rannán ann le polasaithe a fhorbairt le cuidiú leis an earnáil talmhaíochta cur le laghduithe in astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus le cur le cleachtais feirmeoireachta atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.’



## Keith Morrision
## Stiúrthóir an Rannáin Bhia, Feirme agus Pholasaí Tuaithe

‘Tá an Rannán ann le polasaithe a fhorbairt agus a choinneáil don earnáil bia, don earnáil feirmeoireachta agus don earnáil tuaithe a thacóidh leis an gheilleagar tuaithe agus a chinnteoidh go bhfuil saincheisteanna tuaithe mar bhunpháirt thábhachtach de pholasaithe agus de chláir an Fheidhmeannais.’



## Dr Sinclair Mayne
## Stiúrthóir an Rannáin Eolaíochta, Fianaise agus Nuálaíochta Rannán Polasaí

‘Is é ról an Rannáin ná comhairle a thabhairt ar fhorbairt agus coimisiúnú clár taighde le tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt agus seachadadh polasaí trasna na Ranna agus nuálaíocht a chur chun cinn san earnáil agraibhia. Cuireann an Rannán fianaise agus comhairle ar fáil fosta ar shaincheisteanna eolaíochta d’Airí agus lucht ceaptha polasaí agus déanann sé ionadaíocht ar an Roinn ar cheisteanna eolaíochta.’

## Grúpa Seachtadta Seirbhísí RTFT:



### John Fay
### Stiúrthóir an Choláiste Talmhaíochta, Bia agus Fiontraíochta Tuaithe

'Tá an Rannán ann le cláir forbartha oideachais, oiliúna agus gnó a sheachadadh dóibh siúd atá ag dul isteach nó ag obair sa tionscal agraibhia, rud a chuideoidh leis an tionscal agus le geilleagar na tuaithe bheith níos iomaíche agus níos inbhuanaithe.'



### Pauline Keegan
### Stiúrthóir an Rannáin Forbartha Tuaithe

'Tá an Rannán ann le polasaithe agus cláir forbartha tuaithe an AE agus an Rialtais a chur i bhfeidhm agus é mar aidhm acu pobal tuaithe faoi bhláth agus inbhuanaithe a bhaint amach.'



### Andrew Elliott
### Stiúrthóir an Rannáin um Scéimeanna Ceantarbhunaithe an AE

'Tá an Rannán ann leis an Íocaíocht Feirme Aonair agus scéimeanna eile ceantarbhunaithe a sheachadadh laistigh de chreat comhtháite riaracháin agus smachta an AE.'



### Pauline Rooney
### Ceann an Aonaid Forbartha um Scéimeanna Ceantarbhunaithe

'Tá an tAonad ann le feabhsuithe a chomhordú agus a bhainistiú i seachadadh scéimeanna talamhbhunaithe ionas go bhfuil siad ag cloí le rialacháin an AE agus saor ó bhaol an dícheadaithe amach anseo; agus le próisis ghnó a fhorbairt i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an CBT.'

# Ráitis Mhisin na Rannán



## Dr Sam Kennedy
## Ceann an Aonaid Bhainistíochta Tuaithe

'Tá an tAonad ann le scéimeanna agus tionscnaimh agra-chomhshaoil a fhorbairt agus a sheachadadh. Lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí le forálacha na scéimeanna éagsúla, déanann sé cigireachtaí cáilitheachta talaimh agus cigireachtaí gaolmhara, in éineacht le cigireachtaí sainaitheanta eallaigh do na nithe seo a leanas: Íocaíocht Feirme Aonair, Liúntas Cúiteach Limistéir Mhídheisiúil agus Scéimeanna Agra-chomhshaoil.



## Steven Millar (Gníomhach)
## Ceann an Aonaid Seachadta agus Seirbhísí Custaiméara

'Tá an tAonad ann le seachadadh tionscnamh slabhra soláthair agraibhia a bhainistiú, rud a chuideoidh leis na tionscail agraibhia a bhfeidhmíocht a fheabhsú sa mhargadh; le cigireachtaí dearbhaithe a dhéanamh ar shláinte plandaí, ar cháilíocht báinne agus ar inrianaitheacht mairteola, lena chinntiú go sásaítear riachtanais rialála, scéime agus ama agus le forbairt agus cur i bhfeidhm cláir leathana oibre a bhainistiú, rud a chuirfidh leis an dóigh a seachadann an RTFT seirbhísí do ghnólachtaí feirme.'

## Seirbhís Tréidliachta RTFT:

Tá an tSeirbhís Tréidliachta ann le dearbhú a chur ar fáil go seachadtar agus go gcuirtear i bhfeidhm polasaithe maidir le sláinte agus leas ainmhithe a bhuntacaíonn le sláinte phoiblí agus trádáil Thuaisceart Éireann.



### Colin Hart
### Stiúrthóir Galar Eansótach* agus Leasa Ainmhithe

'Tá an Rannán ann le comhairle tréidliachta a chur ar fáil do lucht polasaithe agus cláir tréidliachta a sheachadadh go feidhmiúil faoi choinne leas ainmhithe agus díothú galar eansótach ainmhithe, go príomha brúsallóis agus eitinn.'



### Robert Huey
### Stiúrthóir Galar Eipeasótach** agus Sláinte Poiblí Tréidliachta

'Tá an Rannán ann le comhairle tréidliachta a chur ar fáil do lucht polasaithe agus cláir tréidliachta a sheachadadh go feidhmiúil le tacú le trádáil ainmhithe agus tairgí ainmhithe, galair eipeasótacha a chosc agus inrianaitheacht ainmhithe bia; trí phleanáil theagmhasach, cinntíonn an Rannóg go bhfuil sí ullamh le haghaidh aon ghalar eipeasótach i dTuaisceart Éireann, agus seachadann sí rialuithe sláinteachais agus cigireachta thar ceann na Gníomhaireachta Caighdeán Bia.'

** Is éard is Galair Eansótacha ann galair atá le fáil de ghnáth i dTuaisceart Éireann, m.sh. Eitinn Bhólochta nó Brúsalóis Bhólachta.*

*** Is éard is Galair Eipeasótacha ann galair shuntasacha, thógálacha, ar nós Galar Crúibe is Béil agus Fliú Éanúil nach bhfuil le fáil i dTuaisceart Éireann de ghnáth.*

# Acmainní RTFT

Ar an 1 Aibreán 2012 bhí 2,827 ball foirne bhuana, coibhéis lánaimseartha, fostaithe ag an RTFT; bhí 2,414 acu siúd ina n-oibrithe neamhthionsclaíocha agus 413 acu ina n-oibrithe tionsclaíocha.

Déanann Tábla 1 thíos achoimre ar leithdháileadh tosaigh acmhainní na Roinne faoi choinne na bliana airgeadais 2012/13 fad is go ndéanann Tábla 2 achoimre ar an leithdháileadh tosaigh Caipitil. De réir mar a bhogaimid tríd an bhliain beidh ár gcumas maidir leis an Phlean Gnó seo a sheachadadh ag brath ar infhaighteacht acmhainní. B'fhéidir go mbeadh na leithdháiltí a shainaithnítear sna táblaí seo faoi réir roinnt athruithe le linn na bliana.

Tugann Tábla 3 briseadh síos de na leithdháiltí Glana Acmhainní agus Caipitil ar réimsí gnó na Roinne. B'fhéidir go mbeidís faoi réir roinnt ath-leithdháileadh inmheánach le linn na bliana.

## Tábla 1 - Leithdháileadh Acmhainní an RTFT faoi choinne 2012/13

| | 2012-13 - £000i |
|---|---|
| Riarachán | 40,061 |
| Admhálacha Riarachán | -438 |
| Admhálacha Eile (CBT san áireamh) | 470,604 |
| Admhálacha Acmhainne Eile (CBT san áireamh) | -297,994 |
| Riarachán Neamhairgid | 1,298 |
| Acmhainn Neamhairgid | 9,765 |
| **ACMHAINN GHLAN** | **223,296** |

## Tábla 2 - Leithdháileadh Caipitil an RTFT faoi choinne na 2012/13

| | 2012-13 - £000i |
|---|---|
| Caipiteal | 8,595 |
| Admhálacha Caipitil | 0 |
| Deontas Caipitil | 28,883 |
| Admhálacha Deontais Chaipitil | -17,263 |
| **CAIPITEAL GLAN** | 20,215 |

## Tábla 3 - Leithdháileadh na RTFT ar Ghrúpaí

| | 2012-13 | |
|---|---|---|
| | £000i Acmhainn Ghlan | £000 Caipiteal glan (Deontas Caipitil san áireamh) |
| Seirbhís Tréidliachta | 35,547 | 0 |
| Grúpa Seachtadta Seirbhísí | 88,698 | 9,783 |
| Lár-Ghrúpa Polasaí | 49,609 | 3,957 |
| An tSeirbhís Foraoiseachta | 4,711 | 746 |
| Gníomhaireacht na nAibhneacha | 15,546 | 3,979 |
| Lár-Ghrúpa Seirbhísí | 29,185 | 1,750 |
| **IOMLÁN** | **223,296** | **20,215** |